



Uimhir 20 de 2021

An tAcht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 20 de 2021

**AN tACHT UM FHAISNÉIS FAOIN mBEARNA PHÁ IDIR NA hINSCNÍ,
2021**

[An tiontú oifigiúil]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt

1. Mínithe
2. Faisnéis faoin mbearna phá idir na hinscní
3. Leasú ar an bPríomh-Acht - ailt 85B agus 85C a chur isteach
4. Leasú ar alt 88 den Phríomh-Acht
5. Leasú ar alt 32 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014
6. Athbhreithniú
7. Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

Acht na gCuideachtaí, 2014 (Uimh. 38)

An tAcht um Chosaint Sonraí, 2018 (Uimh. 7)

An tAcht Oideachais, 1998 (Uimh. 51)

An tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 (Uimh. 11)

An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (Uimh. 21)

Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 go 2015

An tAcht Léiriúcháin, 2005 (Uimh. 23)

An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 (Uimh. 25)

An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001 (Uimh. 37)

An tAcht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017 (Uimh. 34)

An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Uimh. 39)



Uimhir 20 de 2021

**AN tACHT UM FHAISNÉIS FAOIN mBEARNA PHÁ IDIR NA hINSCNÍ,
2021**

[An tiontú oifigiúil]

Acht do leasú an Achta um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 chun a cheangal go ndéanfar rialacháin lena gceanglófar ar fhostóirí áirithe faisnéis a fhoilsiú a bhaineann le luach saothair a bhfostaithe faoi threoir inscne na bhfostaithe sin chun a léiriú an bhfuil difríochtaí sa luach saothair sin is inchurtha i leith inscne agus, má tá difríochtaí den sórt sin ann, chun méid na ndifríochtaí sin a léiriú agus chun a cheangal ar na fhostóirí sin ráitis a fhoilsiú lena leagtar amach na cúiseanna leis na difríochtaí sin agus na bearta (más ann) a rinne na fhostóirí sin, nó a bheartaíonn siad a dhéanamh, chun deireadh a chur leis na difríochtaí sin nó iad a laghdú; do dhéanamh leasú iarmhartach ar an Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara. [13 Iúil 2021]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

Mínithe

1. San Acht seo—

ciallaíonn “Aire” an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige;

ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998.

Faisnéis faoin mbearna phá idir na hinscní

2. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 20:

“**20A.**(1) Déanfaidh an tAire, a luaithe is indéanta le réasún tar éis thosach feidhme *alt 2 den Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscnín, 2021* agus de réir an ailt seo, rialacháin lena gceanglófar—

- (a) ar fhostóirí faisnéis a fhoilsiú a bhaineann le luach saothair a bhfostaithe chun a léiriú an bhfuil difríochtaí sa luach saothair sin is inchurtha i leith inscne agus, más amhlaidh atá, méid na ndifríochtaí sin a léiriú,

(b) go mbeidh, san fhaisnéis dá dtagraítear i mír (a), na nithe seo a leanas ar áireamh:

- (i) an difríocht idir an luach saothair meánach san uair an chloig d'fhostaithe den inscne fhireann agus an luach saothair meánach san uair an chloig d'fhostaithe den inscne bhaineann arna sloinneadh mar chéatadán;
- (ii) an difríocht idir an luach saothair airmheánach san uair an chloig d'fhostaithe den inscne fhireann agus an luach saothair airmheánach san uair an chloig d'fhostaithe den inscne bhaineann arna sloinneadh mar chéatadán;
- (iii) an difríocht idir an luach saothair bónais meánach d'fhostaithe den inscne fhireann agus an luach saothair bónais meánach d'fhostaithe den inscne bhaineann arna sloinneadh mar chéatadán;
- (iv) an difríocht idir an luach saothair bónais airmheánach d'fhostaithe den inscne fhireann agus an luach saothair bónais airmheánach d'fhostaithe den inscne bhaineann arna sloinneadh mar chéatadán;
- (v) an difríocht idir an luach saothair meánach san uair an chloig d'fhostaithe páirtaimseartha den inscne fhireann agus an luach saothair meánach san uair an chloig d'fhostaithe páirtaimseartha den inscne bhaineann arna sloinneadh mar chéatadán;
- (vi) an difríocht idir an luach saothair airmheánach san uair an chloig d'fhostaithe páirtaimseartha den inscne fhireann agus an luach saothair airmheánach san uair an chloig d'fhostaithe páirtaimseartha den inscne bhaineann arna sloinneadh mar chéatadán;
- (vii) an céatadán de na fostaithe uile den inscne fhireann lenar íocadh luach saothair bónais agus an céatadán de na fostaithe uile den inscne bhaineann lenar íocadh luach saothair den sórt sin;
- (viii) an céatadán de na fostaithe uile den inscne fhireann a fuair sochair chomhchineáil agus an céatadán de na fostaithe uile den inscne bhaineann a fuair sochair den sórt sin,

agus

(c) ar fhostóirí ráiteas a fhoilsiú, i gcomhthráth le foilsiú na faisnéise dá dtagraítear san alt seo ina léireofar difríochtaí a bhaineann le luach saothair is inchurtha i leith inscne, is ráiteas ina leagfar amach—

- (i) i dtuairim an fhostóra, na cúiseanna atá le difríochtaí den sórt sin i gcás an fhostóra sin, agus
- (ii) na bearta (más ann) atá á ndéanamh ag an bhfostóir, nó a bheartaíonn an fostóir a dhéanamh, chun deireadh a chur leis na difríochtaí sin nó iad a laghdú i gcás an fhostóra sin.

- (2) Le linn dó nó di rialacháin a dhéanamh faoin alt seo, beidh aird ag an Aire ar na costais mheasta a bhaineann le rialacháin den sórt sin a chomhlíonadh agus a fhorfheidhmiú.
- (3) (a) Ní bheidh feidhm ag rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo maidir le fostóir ag a bhfuil líon níos lú ná 50 fostaí.
- (b) Faoi réir mhír (d), ní bheidh feidhm ag rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo maidir le fostóir ag a bhfuil líon níos lú ná 250 fostaí go dtí cothromdháta 2 bhliain ón dáta a dhéanfar na chéad rialacháin faoin alt seo.
- (c) Faoi réir mhír (d), ní bheidh feidhm ag rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo maidir le fostóir ag a bhfuil líon níos lú ná 150 fostaí go dtí cothromdháta 3 bliana ón dáta a dhéanfar na chéad rialacháin faoin alt seo.
- (d) I gcás go mbeidh feidhm ag rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo maidir le fostóir dá dtagraítear i mír (b) nó (c), leanfaidh na rialacháin d'fheidhm a bheith acu maidir leis an bhfostóir ach amháin le linn cibé tráthanna (más ann) a thagann an fostóir faoi réim mhír (a).
- (4) Féadfar, le rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo, aon cheann de na nithe seo a leanas, nó aon teaghlaim díobh, a fhorordú:
- (a) na haicmí fostóra lena mbaineann na rialacháin (cibé acu faoi threoir an lín fostaithe atá ag an bhfostóir nó ar shlí eile);
- (b) na haicmí fostaí lena mbaineann na rialacháin;
- (c) na haicmí luacha saothair lena mbaineann na rialacháin;
- (d) conas a dhéanfar an líon fostaithe atá ag fostóir a ríomh;
- (e) conas a dhéanfar an luach saothair nó na haicmí luacha saothair atá ag fostaithe a ríomh.
- (5) Féadfar, le rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo, an fhoirm ina mbeidh agus an modh ar a mbeidh, agus a mhinice (nach mbeidh níos minice ná aon uair amháin i ngach bliain) a bheidh, faisnéis le foilsiú faoi na rialacháin a fhorordú chun aird na ndaoine seo a leanas a tharraingt ar fhaisnéis den sórt sin—
- (a) na fostaithe lena mbaineann an fhaisnéis, agus
- (b) an pobal.
- (6) (a) Féadfar, le rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo, a cheangal ar an bhfostóir faisnéis a fhoilsiú i leith comhlacht poiblí.
- (b) San fho-alt seo—
- ciallaíonn ‘Acht 1998’ an tAcht Oideachais, 1998;
- ciallaíonn ‘Acht 2014’ Acht na gCuideachtaí, 2014;
- tá le ‘bord’ an bhrí chéanna atá leis in Acht 1998;

ciallaíonn ‘cuideachta’ cuideachta arna foirmiú agus arna clárú faoi Acht 2014 nó cuideachta láithreach de réir bhrí an Achta sin;

ciallaíonn ‘bord oideachais agus oiliúna’ bord oideachais agus oiliúna arna bhunú faoi alt 9 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013;

tá le ‘achtachán’ an bhrí chéanna atá leis san Acht Léiriúcháin, 2005;

folaíonn ‘faisnéis’ sonraí;

ciallaíonn ‘comhlacht poiblí’—

- (a) Roinn Stáit,
- (b) an tArd-Aighne,
- (c) an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste,
- (d) na Coimisinéirí Ioncaim,
- (e) Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn,
- (f) an Coimisinéir Luachála,
- (g) an Garda Síochána,
- (h) na Fórsaí Cosanta,
- (i) údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001,
- (j) Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte,
- (k) bord oideachais agus oiliúna,
- (l) scoil aitheanta arna bunú agus arna cothabháil ag bord oideachais agus oiliúna,
- (m) bord scoile aitheanta arna bunú agus arna cothabháil ag bord oideachais agus oiliúna,
- (n) comhlacht arna bhunú—
 - (i) le hachtachán nó faoi achtachán (seachas Acht 2014 nó achtachán roimhe sin a bhaineann le cuideachtaí de réir bhrí alt 5 den Acht sin), nó
 - (ii) faoi Acht 2014 (nó faoi achtachán roimhe sin a bhaineann le cuideachtaí de réir bhrí alt 5 den Acht sin) de bhun cumhachtaí a thugtar le hachtachán eile nó faoi achtachán eile, agus a mhaoinítear go hiomlán nó go páirteach le hairgead arna sholáthar, nó le hiasachtaí arna ndéanamh nó arna ráthú, ag Aire den Rialtas nó le heisiúint scaireanna arna sealbhú ag Aire den Rialtas nó thar ceann Aire den Rialtas,

a bhfuil scéim pinsean seirbhíse poiblí ann ina leith nó a bhfuil feidhm ag scéim pinsean seirbhíse poiblí ina leith nó a bhféadfar scéim pinsean seirbhíse poiblí a dhéanamh ina leith,

(o) comhlacht a ndéantar go díreach nó go neamhdhíreach é a chistiú go hiomlán nó go páirteach as airgead arna sholáthar ag an Oireachtas nó as an bPríomh-Chiste nó as toradh fáis an Chiste sin agus a bhfuil scéim pinsean seirbhíse poiblí ann ina leith nó a bhfuil feidhm ag scéim pinsean seirbhíse poiblí ina leith nó a bhféadfadh scéim pinsean seirbhíse poiblí a dhéanamh ina leith, nó

(p) aon fhochuideachta de chomhlacht, nó aon chuideachta atá faoi rialú (de réir na brí a thugtar le halt 10 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997) comhlachta, lena mbaineann mír (i), (j), (k), (n) nó (o) agus a bhfuil scéim pinsean seirbhíse poiblí ann ina leith nó a bhfuil feidhm ag scéim pinsean seirbhíse poiblí ina leith nó a bhféadfadh scéim pinsean seirbhíse poiblí a dhéanamh ina leith;

tá le ‘scéim pinsean seirbhíse poiblí’ an bhrí chéanna atá leis i gCuid 4 den Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017;

tá le ‘scoil aitheanta’ an bhrí chéanna atá leis in Acht 1998.

(7) (a) Tá feidhm ag mír (b) i gcás nach bhfuil rochtain ag fostóir ar fhaisnéis a theastaíonn ón bhfostóir chun rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo a chomhlíonadh ach go bhfuil rochtain ag duine eile (dá ngairtear an ‘duine eile’ san alt seo) ar an bhfaisnéis sin.

(b) Féadfadh, le rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo, a cheangal ar an duine eile an fhaisnéis, nó rochtain ar an bhfaisnéis, a thabhairt don fhostóir a mhéid is gá chun a chumasú don fhostóir rialacháin den sórt sin a chomhlíonadh.

(8) (a) Tá feidhm ag mír (b) maidir le sonraí pearsanta fostaithe arna n-áireamh, nó a bheidh le háireamh, i bhfaisnéis dá dtagraítear san alt seo.

(b) Féadfadh, le rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo, i dteannta aon bhearta iomchuí a cheanglaítear ar fhostóir nó ar an duine eile a dhéanamh, nó aon céimeanna iomchuí a cheanglaítear ar fhostóir nó ar an duine eile a ghlacadh, i leith sonraí pearsanta, bearta a bheidh le déanamh nó céimeanna a bheidh le glacadh acu seo a leanas a fhorordú—

(i) an fostóir chun a chinntiú go mbeidh sonraí pearsanta curtha faoi ainm bréige sula ndéanfar iad a fhoilsiú nó nuair a dhéanfar iad a fhoilsiú, nó

(ii) an duine eile chun a chinntiú go mbeidh sonraí pearsanta curtha faoi ainm bréige sula ndéanfaidh an duine eile na sonraí, nó rochtain ar na sonraí, a thabhairt d’fhostóir nó nuair a dhéanfaidh an duine eile na sonraí, nó rochtain ar na sonraí, a thabhairt d’fhostóir.

(c) San fho-alt seo—

ciallaíonn ‘an Rialachán maidir le Cosaint Sonraí’ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán

2016¹ maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí);

tá le ‘sonraí pearsanta’ an bhrí a shanntar dó le hAirteagal 4 den Rialachán maidir le Cosaint Sonraí;

tá le ‘a chur faoi ainm bréige’ an bhrí a shanntar dó le hAirteagal 4 den Rialachán maidir le Cosaint Sonraí;

maidir le ‘bearta nó céimeanna iomchuí’—

- (a) i ndáil le fostóir agus le sonraí pearsanta, ciallaíonn sé na bearta a cheanglaítear ar an bhfostóir a dhéanamh nó na céimeanna a cheanglaítear ar an bhfostóir a ghlacadh i leith na sonraí—
 - (i) de bhun foráil den Rialachán maidir le Cosaint Sonraí, nó
 - (ii) leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018 nó faoi, nó
- (b) i ndáil leis an duine eile agus le sonraí pearsanta, ciallaíonn sé na bearta a cheanglaítear ar an duine eile a dhéanamh nó na céimeanna a cheanglaítear ar an duine eile a ghlacadh i leith na sonraí—
 - (i) de bhun foráil den Rialachán maidir le Cosaint Sonraí, nó
 - (ii) leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018 nó faoi.
- (9) Féadfar, le rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo, a cheangal ar an bhfostóir faisnéis a fhoilsiú—
 - (a) i leith aon cheann díobh seo a leanas:
 - (i) an difríocht idir an luach saothair meánach san uair an chloig d’fhostaithe den inscne fhireann ar chonarthaí sealadacha agus an luach saothair meánach san uair an chloig d’fhostaithe den inscne bhaineann ar chonarthaí den sórt sin arna sloinneadh mar chéatadán;
 - (ii) an difríocht idir an luach saothair airmheánach san uair an chloig d’fhostaithe den inscne fhireann ar chonarthaí sealadacha agus an luach saothair airmheánach san uair an chloig d’fhostaithe den inscne bhaineann ar chonarthaí den sórt sin arna sloinneadh mar chéatadán;
 - (iii) na céatadáin faoi seach de na fostaithe go léir a thagann faoi réim gach ceann díobh seo a leanas—
 - (I) an banda pá ceathairle luacha saothair íochtair,
 - (II) an banda pá ceathairle luacha saothair íosláir,

1 I.O. Uimh. L 119, 4.5.2016, lch. 1

(III) an banda pá ceathairíle luacha saothair uasláir, nó

(IV) an banda pá ceathairíle luacha saothair uachtair,

ar den inscne fhireann iad agus ar den inscne bhaineann iad,

nó

(b) faoi threoir aicmiúcháin phoist.

- (10) Le linn dó nó di rialacháin a dhéanamh faoin alt seo, beidh aird ag an Aire ar an bprionsabal gur gá rochtain a bheith ag fostaithe agus ag an bpobal ar aon fhaisnéis lena léirítear arb ann do dhifríochtaí a bhaineann le luach saothair fostaithe faoi threoir inscne na bhfostaithe sin agus, más ann do dhifríochtaí den sórt sin, na cúiseanna atá leis na difríochtaí sin agus na bearta atá á ndéanamh, nó a bheartaítear a dhéanamh, chun deireadh a chur leis na difríochtaí sin nó iad a laghdú.”.

Leasú ar an bPríomh-Acht - ailt 85B agus 85C a chur isteach

3. Leasaítear an Príomh-Acht trí na hailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 85A:

“Iarratas chun na Cúirte Cuarda nó chun na hArd-Chúirte i gcás mainneachtain rialacháin arna ndéanamh faoi alt 20A a chomhlíonadh

85B. (1) Faoi réir fho-alt (3), i gcás gur deimhin le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas go bhfuil forais réasúnacha aige chun a chreidiúint gur mhainnigh duine (dá ngairtear an ‘duine lena mbaineann’ san alt seo) rialacháin arna ndéanamh faoi alt 20A a chomhlíonadh, féadfaidh sé iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Cuarda nó chun na hArd-Chúirte á iarraidh go ndéanfar ordú a dheonú lena gceanglófar ar an duine lena mbaineann na rialacháin sin a chomhlíonadh.

(2) Féadfaidh an Chúirt Chuarda nó an Ard-Chúirt an t-ordú atá á iarraidh le hiarratas faoi fho-alt (1) a dheonú más deimhin leis an gCúirt gur mhainnigh an duine lena mbaineann rialacháin arna ndéanamh faoi alt 20A a chomhlíonadh.

(3) Maidir leis an dlínse a thugtar don Chúirt Chuarda leis an alt seo, déanfaidh an breitheamh a bheidh sannta de thuras na huairé don chuaird ina bhfuil gnáthchónaí ar an duine lena mbaineann, nó ina seolann sé nó sí aon ghairm, gnó nó slí bheatha, í a fheidhmiú.

Sásamh tríd an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre

85C. (1) Maidir le fostaí (dá ngairtear an ‘gearánach’ san alt seo) a éilíonn gur mhainnigh a fhostóir nó a fhostóir reatha (dá ngairtear an ‘freagróir’ san alt seo) rialacháin arna ndéanamh faoi alt 20A a chomhlíonadh (agus gairtear an ‘gearán’ d’éileamh den sórt sin san alt seo), féadfaidh sé nó sí an gearán a tharchur chuig Ard-Stiúrthóir an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre.

(2) (a) Faoi réir mhíreanna (b) agus (d), déanfaidh an tArd-Stiúrthóir an gearán a imscrúdú más deimhin leis nó léi go bhfuil cás *prima facie* ann a fhágfaidh gur chóir an t-imscrúdú a sheoladh.

- (b) (i) Féadfaidh an tArd-Stiúrthóir, trí fhógra i scríbhinn arna thabhairt don ghearánach nó don fhreagróir, nó dóibh araon, a cheangal ar an ngearánach nó ar an bhfreagróir, nó orthu araon, cibé faisnéis bhreise a thabhairt don Ard-Stiúrthóir, laistigh den tréimhse a bheidh sonraithe san fhógra (ar tréimhse í a bheidh réasúnach sna himthosca), is faisnéis bhreise a theastóidh le réasún ón Ard-Stiúrthóir d'fhonn cabhrú leis an Ard-Stiúrthóir breith a thabhairt i dtaobh arb ann do chás *prima facie* dá dtagraítear i mír (a) nó nach ann.
- (ii) Déanfaidh an gearánach nó an freagróir dá dtabharfar fógra faoi fhomhír (i) an fógra a chomhlíonadh.
- (c) Féadfaidh an tArd-Stiúrthóir, mar chuid d'imscrúdú (más ann) ar an ngearán agus má mheasann sé nó sí gur cuí déanamh amhlaidh, éisteacht a thabhairt do dhaoine ar dealraitheach don Ard-Stiúrthóir leas a bheith acu ann agus gur mian leo éisteacht a fháil.
- (d) Beidh feidhm ag alt 77A, fairis na modhnuithe go léir is gá, maidir le gearán mar atá feidhm ag an alt sin maidir le héileamh.
- (3) Beidh feidhm ag fo-ailt (3A) agus (4) d'alt 79, fairis na modhnuithe go léir is gá, i ndáil le himscrúdú arna dhéanamh ag an Ard-Stiúrthóir faoi fho-alt (2) mar atá feidhm acu i ndáil le himscrúdú arna dhéanamh ag an Ard-Stiúrthóir faoin alt sin.
- (4) Ar imscrúdú faoi fho-alt (2) a thabhairt chun críche (lena n-áirítear imscrúdú ar réamh-shaincheist faoi fho-alt (3A) d'alt 79), tabharfaidh an tArd-Stiúrthóir breith agus déanfaidh sé nó sí í a eisiúint agus, más i bhfabhar an ghearánaigh a bheidh an bhreith—
- (a) féadfaidh an tArd-Stiúrthóir foráil a dhéanamh maidir le hordú go ndéanfaidh an freagróir gníomh sonraithe d'fhonn rialacháin arna ndéanamh faoi alt 20A a chomhlíonadh, nó
- (b) i gcás breith arna thabhairt ar réamh-shaincheist faoi fho-alt (3A) d'alt 79, déanfar imscrúdú ina dhiaidh sin ar an ngearán.
- (5) Tráth nach déanaí ná 42 lá ó dháta aon bhreithe den sórt sin, féadfaidh an gearánach, iar bhfógra chun an fhreagróra, nó féadfaidh an freagróir, iar bhfógra chun an ghearánaigh, achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Oibreachais le fógra i scríbhinn ina sonrófar forais an achomhairc.
- (6) Déanfar imeachtaí faoi fho-alt (5) a sheoladh go poiblí ach amháin i gcás go gcinntí an Chúirt Oibreachais, ar iarratas ó pháirtí sna himeachtaí, mar gheall ar imthosca speisialta a bheith ann, gur chóir na himeachtaí (nó cuid díobh) a sheoladh ar shlí seachas go poiblí.
- (7) Déanfaidh an Chúirt Oibreachais cinneadh a eisiúint maidir leis an achomharc faoi fho-alt (5) agus beidh de chumhacht ag an gCúirt sásamh den sórt sin mar atá ag an Ard-Stiúrthóir faoi fho-alt (4)(a) a dheonú.
- (8) D'ainneoin aon ní in alt 89, beidh ainmneacha an ghearánaigh agus an fhreagróra ar áireamh i mbreitheanna agus i gcinntí a fhoilseofar.”.

Leasú ar alt 88 den Phríomh-Acht**4.** Leasaítear alt 88 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (3)—

(a) i mír (c), trí “den alt sin,” a chur in ionad “den alt sin, agus”, agus

(b) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):

“(ca) i gcás breith nó cinneadh faoi alt 85C, an gearánach agus an freagróir, de réir bhrí an ailt sin, agus”.

Leasú ar alt 32 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014**5.** Leasaítear alt 32 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(5) Féadfaidh an tAire, de dhroim oibriú alt 20A den Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 arna léamh i dteannta rialacháin arna ndéanamh faoi, a iarraidh ar an gCoimisiún breithniú a dhéanamh ar a chumhachtaí a fheidhmiú faoin alt seo i ndáil le gnóthas áirithe, le grúpa gnóthas nó leis na gnóthais atá i dtionscal áirithe nó in earnáil de thionscal áirithe agus comhlíonfaidh an Coimisiún iarraidh den sórt sin.”.

Athbhreithniú**6.** Cuirfidh an tAire faoi deara go ndéanfar athbhreithniú ar fheidhmiú na leasuithe arna ndéanamh le *hailt 2* go *5* roimh chothromdháta 4 bliana ó dháta thosach feidhme an ailt seo.**Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme****7.** (1) Féadfar an tAcht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 go 2021 a ghairm de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 go 2015 agus *d’ailt 2* go *4* le chéile.

(3) Féadfar na hAchtanna fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 agus 2021 a ghairm den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 agus *d’alt 5* le chéile.

(4) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€2.54

